creaċaḋ leanstanaċ leaṫan ar siúl ar fea seaúr na hiascaireaċta ag na tráiléirí iasaċta

Áḃar Gáirí acu na Cánaċá £100

Léiríoḋ go soiléir an tseaċtain seo ċuaiġ ṫart, naċ easpa éifeaċta ná sracaḋ inar gcuid máirnéalaí is ciontaiġ leis an méid bradaíol atá ḋá ḋéanaṁ ar ár gcuid iascaireaċta.

Taoḃ istiġ de ṫrí lá, ḃeir an Clíona faoi an Leas-Ceannfort M. C. Ó Murċú, ar ḋá ṫráiléar ṁóra de ċuid na Fraince, agus ḋá lá na ḋiaiḋ, tráiléar de ċuid na Breataine, ag bradaíol taoḃ istiġ de teoranta farraige na hÉireann, i mbáiġ Ḋún na nGall.

In aineoin cúpla raḃaḋ níor stop tráiléaraí na Fraince, nó na Breataine, go dtí gur scaoil an Clíona urċair treasna rompa, agus ḃí an t-ordú tugṫa ag an Ċeannfort, scaoileaḋ leis na tráiléiri féin, aċ gur stop siad in am.

Seo an ċéad uair le bliain a raiḃ an Clíona aḃus an taoḃ seo den tír, agus tugann sé le fios an méid bradaíol a ḃí ḋá ḋéanaṁ ar feaḋ na bliana, ós rud é gur beireaḋ ar trí tráiléirí indiaiḋ a ċéile, nuair a ṫáinig an Clíona aníos, agus fios acu go raiḃ sí ann.

Aċ goidé an toraḋ a ḃí leis ar fad? Tá gur cáineaḋ scipéirí na dtráiléirí seo, £100 an duine. Ṫiocfaḋ leo a ḋeiċ n-oireaḋ sin a ḋéanaṁ in aon turas aṁáin.

Is dóċa gur ċaill Caḃlaċ na hÉireann i ḃfad níos mó an méid sin leis an turas suas, agus an coiṁéad amaċ fána gcoinne.

Níl anseo aċ dearg amaidí, a ḃeiṫ ag cur am ár gcuid máirnéalaí amú, ag dul amaċ agus a' ḃreiṫ ar tráiléirí ós rud é naċ gcuirtear aċ cáin ainmniúil £100 orṫa. I ḃfianaise an méid praifide a níos na tráiléirí seo as a gcuid poachála, ba é an ċáin ba lú ba ċóir a ċur ná £10,000. Agus tá sé ṫar a ḃeiṫ amaideaċ rud ar biṫ faoi £1,000 do ċáin a ḃeiṫ ḋá ċur.

Fianaise an Ċeannfoirt

Ṫug an Ceannfort Ó Murċú fianaise go ḃfaca sé an dá tráiléir taoḃ istiġ den teorainn. Ḃí ceann acu 1.6 míle taoḃ istiġ den bunlíne agus an ceann eile 1.3 míle taoḃ istiġ de. Mar sin de, **ḃí siad $4\frac{1}{2}$ míle taoḃ istiġ de na teorana farraige s'againne.** Nuair a ċonaic siad an Clíona ṫosaiġ siad ag imeaċt, aċ roiṁe seo ḃí an Ceannfort sásta ón méid a ṫug sé fé deara, go raiḃ siad ag coiméad a gcuid eangaċa. Ag 10.16 d'imiġ siad coṁ gasta agus a ṫiocfaḋ leo agus an dara tráiléar ag 10.18. Rinne an Clíona coṁarṫaí lampaí agus brataċa ag iarraiḋ orṫa stopaḋ. Ansin, ṫug siad coṁarṫa: "stad nó scaoilfiḋ mé liḃ." Níor tugaḋ áird ar biṫ orṫa seo, agus d'ordaiġ sé ansin piléar meall gunnaí a ċur treasna rompa. Ní raiḃ toraḋ ar biṫ air seo, agus níor stad siad. Tamall beag 'na ḋiaiḋ sin, scaoileaḋ rois eile urċar. Ḃí na tráiléirí faoi lán tseoil go fóill. Ansin, ḃeartaiġ an Ceannfort ar scaoileaḋ leo, leis na gunnaí móra ceiṫre h-orlaí. Scaoileaḋ seaċt n-urċar de seo. Scaoil sé leo arís ag 11.55 agus 11.66, agus faoi an am sin, ní raiḃ sé aċ 100 slat uaṫa. Ḃí sé taréis an t-ordú a ṫaḃairt scaoileaḋ isteaċ ionta, nuair a stad tráiléar aṁáin, agus tamall na ḋiaiḋ sin, stad an tráiléar eile. Dúirt an Ceannfort Ó Murċú ansin, gur ṫug sé ordú don Leas-Ċaiptín Mac na Mara, dul ar bord an Henri Calloch, ⁊ ordú dó ḋul isteaċ go dtí na Cealla Beaga. Fad agus ḃí siad ḋá dtreorú isteaċ go dtí na Cealla Beaga, ḃí na foirne, ag obair le iasc ar dec. "Ba é seo an iarraċt a ba ḋána a ċonaic mise ag scipéirí ag imeaċt ó gaḃáil, agus de ḃárr na h-iarraċta seo, d'éiriġ le trí ṫráiléirí eile imeaċt uainn," arsa an Ceannfort.

Faoi ċros-ċeistniú, dúirt an Ceannfort naċ dtiocifaiḋ le gaoṫ ná sruṫ iad a ṡiabaḋ taoḃ istiġ, mar gurb é an rud go raiḃ gaoṫ agus sruṫ ḋá dtaḃairt amaċ.

Ag freagairt ceist eile fá an raḋarc a ḃí ann, dúirt an Ceannfort go raiḃ raḋarc naoi-míle ó n-a longais ag an am.

Gaḃail

Ṫug oifigí eile den Clíona fianaise ag dearḃú an méid adúirt an Ceannfort. Ṫug an Lieut. Mac na Mara, fianaise go ndeaċa sé ar bord an Henri Calloch ag 12.10 p.m. agus gur lorgaiġ sé an Caiptín agus go ndearna sé príosúnaċ de, agus d'ordaiġ sé dóiḃ dul ċun na gCealla Beaga. Ġlac sé seilḃ ar páipéirí na loinge. Ḃí cuid mór éisc úr ar dec. Nuair a ṫáinig siad ċuig na Cealla Beaga, ċuaiġ sé ar bord an tráiléar eile, agus ġaḃ sé an Caiptín, agus ġlac sé seilḃ ar páipéirí na loinge.

Iascairí na hÉireann

Ṫug Muiris Ó Mórḋa, scipéar den tráiléar Girl Eileen, óna Cealla Beaga, fianaise go ḃfaca sé trí longais iasaċta ag iascaireaċt taoḃ amuiġ de Teileann. Ṫáinig sé in aice leis an Hortensia agus ḃí siad ag glacaḋ isteaċ éisc. Ċonaic sé iad ag caiṫeaṁ amaċ na n-eangaċa arís.

Ṫug Ben Moore, scipéar an Undaunted agus Seamus Murrin, scipéar an Naoṁ Caitríona, fianaise go ḃfaca siad na tráiléirí ag iascaireaċt taoḃ istiġ den teora posta.

Indiaiḋ éisteaċt le fianaise óna scipéirí tráiléirí iasaċta, dúirt an Giúistís go raiḃ sé sásta go raiḃ sé ar an ċás ba ḋána dolba, poachál ar uiscí na hÉireann, ar mór scála, a ċonaic sé ariaṁ, agus ṫug sé an breiṫ a ba ṁó a d'ḟéadfaḋ sé, £100 in gaċ cás, agus coigistiú na ngléasraí, i gcoinniḃ Sean Pierce Campion, scipéar an Henri Calloch agus Henri Francois Tannere. Rinne sé coṁġáirdeaċas leis an Ceannfort Ó Murċú agus foireann an Clíona as a gcuid oibre, agus ṫug sé buíoċas do Bean Uí Ċuinn, B.A., meánscoil na gCealla Beaga, as aistriú a ḋéanaṁ do na caiptíní Francaċa.

Bunnaí na hÉireann

Ar an Luan na ḋiaiḋ sin ḃí gunnaí na hÉireann ḋá scaoileaḋ ṫar farraige arís, nuair a b'éigin don Clíona piléir ḃeo a scaoileaḋ leis an tráiléar Breatánaċ Royalist agus í a ġaḃáil agus a ṫaḃairt isteaċ go hInis Crón, Co. Ṡligiġ, áit ar cáineaḋ an scipéar £100 freisin. Coṁ maiṫ le coigistiú a ḋéanaṁ ar an iasc agus na gléasraí. Ṫug an Ceannfort Ó Murċú fianaise go ḃfaca sé an Royalist taoḃ istiġ de teoranta farraige na hÉireann idir na Cealla Beaga agus ceann Dún Pádraig, ar a 10 a'ċlog ar maidin.

Iorras

Deireaḋ na seaċtaine seo ċaite, ċuir Iorras fáilte ar leiṫ roiṁ an Aṫair Mac Duiḃir. Ḃí an Erris Cinema lán go doras, nuair a ṫáinig sé, go gearr tar éis 8.30 agus ṡeas a raiḃ i láṫair le bualaḋ bos ar leiṫ a ṫaḃairt dó. Ṁol sé don pobal uilig aontú, agus dul isteaċ in eagras Cosanta an Iarṫar. "Ar scáṫ a ċéile a ṁairid na coṁarsain," ar seisean, agus "níl gar a ḃeiṫ ag braṫ ar ḋaoine atá i ḃfad uainn." Dúirt sé go raiḃ breis agus 10,000 daoine in eagras cosanta an Iarṫar ċeana féin. Tugaḋ éisteaċt an ċúramaċ dó, in Béal an Ṁuirṫid, agus go h-áiṫrid, nuair a ṫráċt sé ar an obair a rinne siad, le tosnú an beag, i nGleanncolmcille, agus an toraḋ a ḃí ag teaċt uaiḋ san am i láṫair. Ar na daoine eile a ḃí i láṫair, ḃí an tAṫair Mac Dáiḃis, Caṫaoirleaċ Coiste Cosanta an Iarṫar, agus an tUasal Mac Aoḋ Duí, Rúnaí.

Ag aonaċ Ḃéal an Ṁuirṫid, cé go raiḃ an lá go h-olc agus naċ raiḃ mórán stoc ar tairiscint, ḃí éileaṁ maiṫ ó ceannaiṫeoirí agus ċuaiġ cuid den ċuid ab' fearr de ḃulláin, ḋá ḃliana agus trí-bliana, luaċa árda. Ḃí éileaṁ maiṫ ar banḃáin, a ċuaiġ ó £8—£10 an páire; ba ionlaoiġ £70-£80.

Ḃí an tAṫair Ó Mórḋa, S.C., agus S. S. Ó Gallċoḃair, Eaċléim, i láṫair ag cruinniú na Western Sea Anglers, Bóṫar na Trá, Gaillimh, Dé Doṁnaiġ seo caite, áit ar cuireaḋ fáilte ar leiṫ rompa.

Beiḋ an ċéad cruinniú eile ar an 11ú Aibreán, i mBéal an Ṁuirṫid, agus táṫar ag súil le ionadaiṫe ó Ḋún na nGall agus Clár a ḃeiṫ i láṫair. Tá an tUasal Ó Braonáin, Caṫaoirleaċ an Ċoṁ n-aiḋm ag taḃairt corn fá ċoinne an comórtas i mBéal an Ṁuirṫid. Tá lóistín do 128 daoine i gceantar Ḃéal an Ṁuirṫid anois, agus 28 báḋaí ar fáil le freastal ar na h-iascairí.

Ḃí aonaċ Beannċoir ar an aonaċ is fearr le fada an lá. Ḃí ana éileaṁ ar gaṁna óga buineann, agus ar gaṁna agus ar bulláin, agus ar ċaoirí. Ní raiḃ mórán caoraċ ná stoc ar tairiscint. Ceannaíoḋ a raiḃ le fáil.

Taréis cluiċe fuinniúil i gceart, ós coṁair scata an ḃeag, de ḃárr an droċ lá, ḃí Béal an Ṁuirṫid coṫrom le Béal Áṫa na Muice. 4-6 an taoḃ, ag deireaḋ an ċluiċe. Taréis cluiċe a ḃí fuinniúil, muna raiḃ árd ṗeil ann, ḃuaiġ Sraiṫ 4-8 ar Duḃorc 0-5 in léig Iorras, agus an ċoiṁlint do Ċorn an Ċanónaċ Ó Doṁnaill.

Tá scoil náisiúnta Fód Duḃ dúnta, agus beiḋ go ceann tamaill eile, toisc go ḃfuil obair deisiúċán ḋá ḋéanaṁ ar clós ⁊ ṁaċa na scoile.

Níṫear coṁḃrón leis an Aṫair Gilḃearraiġ, S.C., Gaoṫ Sáile, i mbás a aṫair, a fuair bás ag Cill Ala, i gcaiṫeaṁ na seaċtaine seo caite.

Ċuir an Giúistís S. G. Mac Maṫúna, fáile roiṁ an Ceannfort Uilson, a h-aistríoḋ le h-ardú céime ó Sligeaċ go Béal an Ṁuirṫid, agus d'aontaiġ M. S. Ó hÁra, Aturnae, Béal Áṫa an Feaḋ, ṫar ċeann na ndlíodóirí, agus Máirtín Ó hEigeartaiġ, Cléireaċ na Cúirte, leis an ḃfáiltiú.

Baile an Sceilg

Anseo i mBaile an Sceilg a ḃeiḋ Fleaḋ Ċeoil Ċiarraí i mbliana. Beiḋ an Fleaḋ Ceoil ar siúl ar an 12ú agus an 13ú de Ṁeiṫeaṁ, agus tá áṫas ar ṁuintir Ḃaile an Sceilg agus ar gaċ duine tríd Uíḃ Raṫaċ go mbeiḋ an Fleaḋ anseo. Is cinnte gur deireaḋ seaċtaine mór a ḃeiḋ ann.

Cúis bróin sa gceantar. Bás Eiblín Uí Laoġaire, a ḃí os cionn trí-scóir bliain d'aois (Nic Criomṫain roiṁ pósaḋ dí), ag Ceann Árd Ṫoir, Baile an Sceilg. D'éag sí in Ospidéal Naoṁ Áine, agus ċuaiġ an soċraid go reilig Caol.

D'éag Seán Goiginn, as Cill Colmáin, leis, in Ospidéal Naoṁ Áine, agus ċuaiġ an soċraid go Caol. Ní raiḃ sé aċ óg, ⁊ cúis bróin dá ċáirde agus coṁarsanaí ar fad é.

I gCaṫair Saiḃín d'éag Bríd Bean Uí Ṡúilleaḃáin (Breaṫnaċ roiṁ pósaḋ dí) as Leiṫéad, An Gleann. Ḃí sí 'na ċónaí lena h-iníon, Máire Bean Uí Ċriomṫain, Leitir, Caṫair Saiḃín.

Beiḋ lá braṫ ag an banna ceoil Dé Doṁnaiġ seo ċugainn in Dairbre, agus is cinnte gur ceart do gaċ duine caḃrú leo taréis ċoṁ breá agus ṫaispeáin siad ag Baile an tSéipéil, Doṁnaċ Pádraig. Tá an tOileán bródúil astu.

Fleaḋ Rinnce i mBéal Áṫa Seanaiġ

Táṫar ag ullmú go tréan fá ċoinne an Fleaḋ Rinnce na hÉireann a ḃéas ar siúl i mBéal Áṫa Seanaiġ ón Aoine an 21ú Bealtaine go dtí an Doṁnaċ, an 23ú lá de Ḃealtaine. Deirtear go mbeiḋ an slua is mó a ċonactas ariaṁ i mBéal Áṫa Seanaiġ, ann don deireaḋ seaċtaine.

Fine Gael Doċasaċ San Iarṫar

Níl aon aṫrú mór ar ċúrsaí polaitíoċta i nDún na nGall. Tá iarratóir den Luċt Oibre insan taoḃ ṫoir den ċondae. Aċ níl seans dá lagaḋ aige. Tá sé cinnte anseo go raċaḋ beirt de Fianna Fáil, beirt atá istiġ, isteaċ ṫar n-ais, agus go raċfaiḋ Dónal Ó hAirt, isteaċ ṫar ċeann Fine Gael. Ní beiḋ aon aṫrú.

Ní mar sin atá san Iarṫar. Tá Fine Gael ag déanaṁ mór-iarraċt anseo le ḋá ṡuíoċán a ḟáil amaċ as triúr. Is fada, fada ó ḃuaiġ siad ar Fianna Fáil insan Iarṫar. Níor ċuaiġ ón corrṫoġaċán, nuair a ċuaiġ P. Ó Doṁnaill isteaċ, aċ tá seans ann i gcónaí go dtiocfaḋ leo, agus tá siad ag déanaṁ iarraċt mór le déanaṁ cinnte go mbeiḋ an seans acu i mbliana. Agus más féidir leis an Réadaċ na ḃótaí a ċruinniú i gceantar Ḃealaċ Féiċ, d'ḟéadfaḋ sé go mbeaḋ go leor acu De Faoite a ċur isteaċ. Cé ċaillfeas? Sin ceist eile. Aċ tá sé an deacair buaċaint ar T.D.'s atá istiġ ċoṁ fada, agus atá ag taḃairt seirḃís réasúnta maiṫ dá gcuid ḃótóirí.

Saoirse Ḃótála gan Tacaíoċt Poiblí

I ráiteas ó Ċoṁairle Ceantar Ḋún na nGall do Sinn Féin, deir siad naċ ḃfuil sé fíor na ráflaí atá ḋá gcur ṫart go ḃfuil siad ag taḃairt tacaíoċt do ḋream ar biṫ insan toġċáin. Tá na Páirtiṫe eile uilig is cosúil ar lorg ḃótaí Sinn Féin, adeir siad, aċ ní raiḃ duine ar biṫ de na T.D.'s nó iarraṫóirí a laḃair amaċ go poiblí le oċt nó naoi mbliana, faoi éagóir a ḃíoṫar a ḋéanaṁ ar Luċt Sinn Féin. "Nílímid ag séanaḋ ceart ḃótála dár gcuid tacadóirí," adeir an ráiteas, "aċ iarrfaimíd orṫa go muinineaċ, gan laḃairt amaċ go poiblí i ḃfaḃar páirtí ar biṫ, nó iarraṫóir ar biṫ."

Corca Duiḃne

Beiḋ na hAifrinn feasta ḋá léaṁ i scoltaċa Ċloċar na Toirbeirte, toisc go ḃfuil deisiúċáin agus feaḃsúċáin ar siúl i Séipéal na Paráiste, Naoṁ Muire sa Daingean. Iarrtar ar ḋaoine ó paráiste lasmuiġ don mbaile an tAifreann a ḟreastal ina bparóistí féin go dtí go mbíonn an Séipéal deisiṫe.

Toġaḋ ceann de na h-oisrí is mó a tógaḋ ariaṁ sa gceantar seo, darḃ ainm an Ċos. Donnċaḋa Ó hUallaċáin. Baile an Ṁuilinn, An Laingean, a fuair é.

Oifigeaċ Leasa Ṡóisialaiġ do Ċiarraí Ṫiar, ab' ea Mánus Ó Doṁnaill, Fionntrá, a d'éag ag na ċónaí féin, tá coicís ó ṡoin. Ḃí an soċraid go dtí an reilig nua in Éanaċ Scáil ar an Doṁnaċ.

Deireaḋ na seaċtaine seo caite, leis. d'éag Tomás Mac Cárrṫaiġ, Príoṁ Sráid Uaċtar, Daingean. Ḃí árd-ċliú air imeasc luċt peile, agus ḃí sé 'na ḃall do ċuid mór coistí áitiúil agus ar feaḋ tréimse, ḃí sé ar Bord Cuan an Daingean.

Áḃar mí-ṡástaċta i gCorca Duiḃne gur i mBéarla atá ainmneaċa luċt ḃótála tríd an nGaeltaċt, agus gur i mBéarla atá ainmneaċa na hIarraṫóirí. Is i mBéarla a laḃair na h-iarraṫóirí ag a gcuid cruinniṫe.

Litir Mac a' Ḃáird

Is iomḋa duine buarṫa tríd Doirleaċt faoi ḃás Pádraic Mac Réadaiġ, in aois a 87 bliana. Ḃí an tsláinte go maiṫ aige go dtí tamall géarr roiṁ a ḃás. Ḃí cliú mór air mar saor insan ċoṁarsanaċt, agus is ioma teaċ maiṫ sa ċoṁarsanaċt go fóill a ṫaispeántar agus a ndeirtear gurb éisean a ṫóg é. Ní tiṫe aṁáin, aċ scoltaċa agus tiṫe pobail agus droiċid a ṫóg sé. Ḃí sé ina scipéar ar ḃáid iascaireaċta an t-am a ṫáinig na scadáin isteaċ go báiġe Tráiġ Éanaċ. Ċuaiġ tórraṁ mór leis go reilig Leitir Ṁic an Ḃáird, indiaiḋ Aifreann na Marḃ, i dTeaċ Pobail Naoṁ Bríde, a léiġ an tAṫair D. Ó Maolḃuaiġ. Níṫear coṁḃrón lena ċlann mac, Aoḋ Mac Réadaiġ, Doireleaċt, Caṫal S., i Londain, Éamon, i Londain, Pádraic, i nGlascú agus Míċeál, ins na Stáit Aontaiṫe. Agus le Áine, Bean Uí Rodaiġ, Bun an Pobail, Máire Bean Ṁic Aoḋa, Drumleaċ Druid, Treasa Bean Uí Ḋuflaiġ, Londain, Celine Bean Uí Ḃeirn, Londain, Róise Bean Uí Ċonċuḃair, Londain, Sorċa Bean Debo, i Stáit Aontaiṫe Ṁeiriceá agus Bríd Nic Réadaiġ, Doireleaċt, iníonaċa.